



An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

Tuarascáil Bhliantúil
2013

Clár Ábhair

Leathanach

Réamhrá	2
Forléargas ar an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais	2
An Bord	3
Ráiteas an Chathaoirligh	4
Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Súil Siar ar 2013	6-20
Réamhrá	6
Príomhghníomhaíocht Oibríochtúil	7-14
Obair Eile an Bhoird	16-18
Eolas Eagraíochtúil	18-20

Réamhrá

Seo an chéad tuarascáil bhliantúil den Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais, agus é ina chomhlacht díscailte faoi Alt 71 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013, agus ullmhaíodh é de réir Alt 80(1) d'Acht 2013.

Forléargas ar an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais

Is comhlacht neamhspleách reachtúil é an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) a bunaíodh faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, a bhfuil freagracht air a chinntiú go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil, nó go bhfaigheann sé/sí oideachas ar bhealach eile. Go háirithe, tá ról lárnach ag an mBord freagairt i gcásanna nach bhfuil leanaí ag freastal ar scoil go rialta, nó i gcás go bhfuil cúis imní ann faoi leas oideachais linbh.

I lár na bliana 2009 bheartaigh an Rialtas cur le sainchúram BNLO le go mbeadh an eagraíocht freagrach as bainistiú oibríochtúil na Scéime Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail (TBSP) agus an Chláir Críochnaithe Scoile (CCS) i gcur chuige straitéiseach aontaithe de sheirbhísí comhtháite i bpobail faoi mhíbhuntáiste arna dtacú ag tionscnamh DEIS na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Sainchúram Reachtúil agus Feidhmeanna an Bhoird

Forálann an tAcht do chreat reachtúil don sainchúram leathnaithe seo atá ar BNLO i ndáil le freagracht as cur chuige aontaithe straitéiseach a fhorbairt i leith an fhreastail, na coinneála agus na rannpháirtíochta scoile, tógáil ar obair agus ar thaithí na Scéime Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail, an Chláir Críochnaithe Scoile agus na Seirbhíse Leasa Oideachais.

Éilítear faoin Acht go mbainfeadh BNLO triail as gach idirghabháil sula mbreithneofaí imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne tuismitheoirí a bhfuil ag teip orthu ina ndualgas a chinntiú go bhfreastalódh a leanaí ar scoil ar bhonn rialta.

Cuireann an tAcht dualgas ar an mBord freisin freagracht a ghlacadh as leanaí atá ag fáil oideachais lasmuigh de scoileanna aitheanta, mar shampla sa bhaile, chomh maith le leanaí san aoisghrúpa 16 – 17 mbliana d'aois a fhágann an scoil agus a thosaíonn ag obair.

Misean

Is é bunmhisean BNLO ná an rannpháirtíocht is fearr agus is féidir a spreagadh i measc leanaí san oideachas, agus ar an gcaoi sin a chinntiú go bhfuil gach leanbh ag freastal ar scoil nó ag glacadh páirte san oideachas ar bhealach cuí.

Fís BNLO le haghaidh Leanaí

An fhís ag BNLO ná sochaí a bheith ann ina bhfaigheadh gach leanbh a t(h)eidlíocht oideachais, ionas gur féidir leis/léi taitneamh a bhaint as an óige, barr a gcumais a bhaint amach agus an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an oideachas.

An Bord

Baill an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2013

	Céadainm	Sloinne	Ainmnithe ag/Eagraíocht
	Nuala	Doherty, Cathaoirleach	An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige
	Catherine	Connery	An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
	Mary	Donnelly	An Roinn Coimirce Sóisialaí
	Bob	Dowling	An tAire Sláinte
	Eamonn	Flynn	BNLO (ionadaí foirne)
	Ruairi	Gogan	An Roinn Dlí agus Cirt
	Marian	Jennings	An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige
	Sally	Maguire*	ASTI
	Deirdre	Matthews**	An tAire Oideachais agus Scileanna
	Marie-Claire	McAleer	Crann Taca Pobail agus Deonach
	Anne	McDonnell	Forais Bainistíochta Scoile
	Don	Myers	Cumainn Náisiúnta Tusmitheoirí – Iarbhunscoileanna
	Pat	Mac Sitric	Príomhfheidhmeanach (eatramhach)

*Ceaptha an 30 Deireadh Fómhair 2013

**Ceaptha an 16 Eanáir 2013, Téarma ar na mBord críochnaithe an 30 Meán Fómhair 2013

Ráiteas an Chathaoirligh

Tráth a scríofa, tá feidhmeanna an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (BNLO) aistrithe chuig an nGníomhaireachta nua um Leanaí agus an Teaghlach TUSLA a bunaíodh leis an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013. Is í Tuarascáil Bhliantúil 2013, dá bhrí sin, tuarascáil deiridh an Bhoird faoi Alt 34 den Acht Oideachais (Leas) 2000.

Chomh maith leis na gnáthfhreagrachtaí seirbhíse a bhí ar an eagraíocht in 2013, chaith an Bord agus feidhmeannas BNLO roinnt mhaith dua le hullmhú don aistriú chuig feidhmeanna reachtúla agus oibríochtúla na Gníomhaireachta nua. Mar chuid de phróiseas an aistrithe bhí aistriú struchtúrtha agus cuimsitheach chuig an nGníomhaireacht le páipéar aistrithe agus rannpháirt dhíreach ag leibhéal idir-bhoird.

D'fháiltigh BNLO roimh an deis seo do sheirbhísí BNLO bheith ina bpáirt den Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus an leas a d'fhéadfaí a bhaint as sin ó thaobh cur chuige níos comhleanúnaí a bheith ann i leith leanaí leochaileacha agus cur chuige níos cuíchóirithe idir seirbhísí oideachais agus seirbhísí sóisialta. Leag an Bord amach freisin na dúshlán shuntasacha a bheadh i gceist don gníomhaireacht nua ó thaobh tacaíocht a sholáthar do sheirbhísí leasa oideachais. I measc na bpríomhdhúshlán sin tá ceannaireacht na seirbhísí leasa oideachais laistigh den Gníomhaireacht, ailíniú ar struchtúir reatha agus na struchtúir a bheidh ann, an timpeallacht nua seirbhíse do shnáitheanna éagsúla BNLO, caidrimh rialachais agus buiséadacha don mháthair-Roinn, an caidreamh leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tionchar foriomlán a bheadh ag dualgais leanúnacha reachtúla agus tionscadail oibríochúla bhainteacha i gcomhthéacs na n-acmhainní laghdaithe.

D'ainneoin go raibh seirbhís nua le teacht ar an bhfód agus go mbeadh timpeallacht rialachais nua ann dá réir sin, bhí 2013 ina bliain dhúshlánach ach ina bliain shásúil eile do BNLO. D'éirigh linn ár ndualgais reachtúla a chomhlíonadh, i gcomhar leis an bpobal oideachais i gcoitinne, ag féachaint leis an leas is fearr agus ab fhéidir a bhaint as acmhainní na heagraíochta chun dul i ngleic le saincheistanna a bhaineann le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile, agus chun cur lenár n-acmhainneacht measúnú reachtúil oideachais a fhorbairt in áiteanna lasmuigh de scoileanna aitheanta d'fhonn leanaí a bheith cláraithe a bhfuil oideachas á chur orthu i gcomhthéacsanna dá leithéid. Saibhríodh obair na heagraíochta le linn na bliana a bhuíochas leis an rannpháirtíocht ilchineálach spreagúil le foireann, scoileanna, tuismitheoirí, forais ionadaíochta, gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile, na Ranna a bhfuilimid nasctha leo agus na comhghleacaithe a bheidh againn sa Gníomhaireacht nua.

Ó mo dhearcadh de, mar Chathaoirleach, ba dhíol suntais dom é, athuair, gairmiúlacht na foirne ar fud na seirbhísí páirce go léir agus sna ranna corparáideacha agus mé an-bhródúil astu dá bharr. Ba léir, ó thoilteanas na foirne mianta agus riachtanais leanaí agus teaghlach a chur chun tosaigh ar aon bhreithniúchán eile, díograis na foirne sin agus is fiú iad a mholadh go hard dá bharr. Beidh sé ina dhúshlán aistriú chuig an nGníomhaireachta nua, ach dúshlán a fháilteoidh an fhoireann roimhe go toilteanach agus go fuinniúil agus guím gach rath orthu sa timpeallacht nua sin. Thug an feidhmeannas faoin athrú seo freisin ar bhealach a bhí thar a bheith díograiseach agus dearfach.

Mar fhocal scoir, do bhaill bhoird BNLO, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo as bheith ag obair leis an eagraíocht in 2013. Ba mhór ag an bhfeidhmeannas a ngaois agus a dtreoir tráth an athraithe seo.

Nuala Doherty

Cathaoirleach

Athbheithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Is deis í an Tuarascáil Bhliantúil deiridh seo den Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais le haghaidh 2013, súil siar a chaitheamh ar obair na seirbhísí leasa oideachais i gcomhthéacs na timpeallachta nua seirbhíse a bheidh ann go luath, mar atá cuimsithe in aidhmeanna agus cuspóirí reachtúla na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach - TUSLA – a bunaíodh an 1 Eanáir 2014.

Le haghaidh sheirbhísí BNLO a bhí ag comhlíonadh feidhmeanna faoin Acht Oideachais (Leas) 2000, is cúis áthais é a thabhairt faoi deara go bhfuil sainchúram na Gníomhaireachta nua ag teacht leis na sainchúram a bhíodh orthu, mar atá leagtha amach san Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013, ‘to support and promote the development, welfare and protection of children’ and to ‘support and encourage the effective functioning of families’. Tá obair na trí shnáithe faoi shainchúram BNLO – an tseirbhís reachtúil leasa oideachais, an scéim Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail (TBSP) agus an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) – dírithe ar an tsaincheist a bhaineann le rannpháirtíocht leanaí san oideachais. Bíonn tionchar aige sin ar shaol leanaí agus a dteaghlach agus ar an gcaoi sin cuirtear le feabhsú na dtorthaí oideachais. Tugann an obair seo, i ngach gné di, foireann BNLO, agus pearsanra TBSP agus CCS, i dteagmháil dhíreach le saincheisteanna casta teaghlach agus saincheisteanna níos leithne sóisialta a mbíonn tionchar acu ar fhreastal ar scoil, ar rannpháirtíocht scoile agus ar choinneáil sa chóras oideachais. Maidir leis sin tá deiseanna ann obair i gcomhar lena chéile agus éifeachtaí a bhaint amach ag tabhairt le chéile na seirbhísí leasa leanaí agus teaghlach faoin nGníomhaireacht nua amach anseo.

I gcomhthráth le bunú na Gníomhaireachta nua leanadh le hobair forbraíochta leanúnach BNLO in 2013 ar a samhail nua Leanbh Amháin, Foireann Amháin, Plean Amháin agus tá sé sin ag teacht le cur chuige soláthair seirbhíse na Gníomhaireachta nua a bheidh ag féachaint le seirbhísí a sholáthar laistigh de chreat níos comhordaithe, níos ildisciplíní agus níos ilghníomhaireacha ag comhtháthú gníomhaireachtaí agus gairmithe éagsúla. Tá cur chuige Leanbh Amháin ina mhacasamhail den chur chuige sin ag baint leasa as an tionchar, go príomha trí chomhtháthú a dhéanamh ar sheirbhísí BNLO agus ar chumais na scoileanna agus a n-acmhainní féin, chun dul i ngleic le saincheisteanna leasa oideachais.

Cuspóir lárnach a bhí sa tsamhail Leanbh Amháin ná an rannpháirtíocht a bheith níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí ó thaobh dul i ngleic le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile idir na seirbhísí scoilbhunaithe agus an tseirbhís reachtúil leasa oideachais, go háirithe i scoileanna a dtugtar tacaíocht ar leith dóibh faoin tionscnamh DEIS chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. Maidir leis sin, agus d’aineoinn na bhfeabhsúcháin leanúnach, cé nach raibh siad rómhór, ar fhiúirí freastail scoile, sna tréimhsí tuairiscithe is déanaí ó na Tuarascálacha Bliantúla Tinrimh, ní miste a lua go mbíonn a lán á éileamh ar an tseirbhís reachtúil ó thaobh dul i ngleic leis na cásanna is tromchúisí de neamhláithreachtaí scoile, agus go háirithe i gcomhthéacs leibhéil reatha soláthair foirne.

Beidh a lán dúshlán ann san aistriú chuig an nGníomhaireacht nua, go háirithe a chinntiú go mbeidh ‘guth’ ag na seirbhísí leasa oideachais sa chomhthéacs níos leithne de sheirbhísí leasa leanaí. Tá foireann ar leith BNLO – sna snáitheanna seirbhíse agus ar an bhfoireann chorparáideach – a bheidh in ann cur go mór le forbairt ghníomhaireacht Stáit na hÉireann a bheidh freagrach as feabhas a chur ar leas agus ar thorthaí maithe saoil do leanaí. Ba mhór an onóir domsa é a bheith i gceannas na scothfoirne agus na scotheagraíochta seo, agus muid ag aistriú chuig timpeallacht nua seirbhíse agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar gach ball foirne don tréimhse romhainn.

Pat Mac Sítric

Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)

Súil Siar ar 2013

Réamhrá

Bunaíodh BNLO in 2002 faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 agus tá sé mar shainchúram ar an mBord a chinntiú 'go bhfreastalaíonn gach leanbh sa Stát ar scoil aitheanta, nó go bhfaigheann sé/sí oideachas íosta ar bhealach eile'. Bunaíonn an reachtaíocht creat le go gcuirfí chun cinn freastal rialta, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile.

Ó bunaíodh é, tá a lán athruithe déanta ar an mBord. In 2009 cuireadh le sainchúram an Bhoird le go n-áireofaí TBSP agus CCS anuas ar an tseirbhís leasa oideachais a bhí faoi shainchúram an Bhoird cheana féin. Chuir seo deis ar leith ar fáil don Bhord chun cur chuige aontaithe a fhorbairt, a bheadh in ann freagairt do chastacht na saincheistanna a théann i bhfeidhm ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar na torthaí a bhaintear amach do leanaí, do dhaoine óga agus dá dteaghlaigh, scoileanna agus pobail.

I mí an Mheithimh 2011, aistríodh feidhmeanna BNLO ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ). Tá an Roinn nua freagrach as forbairt an bheartais chun a chinntiú go soláthrófaí seirbhís aontaithe ardchaighdeáin do leanaí agus do dhaoine óga ar fud raon eárnálacha, lena n-áirítear sláinte, oideachas, ceartas, óige, spórt, ealaín agus cultúr.

I mí na Samhna 2012, tar éis fhoilsiú Thuarascáil an Tascfhórsa maidir leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, d'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, Frances Fitzgerald T.D. go raibh sé beartaithe ag an Rialtas dul ar aghaidh le dréachtú Bille chun an Gníomhaireacht um Leanaí agus Teaghlaigh a bhunú. Bheartaigh an Rialtas go mbeadh freagracht seirbhíse, inter alia, ar an nGníomhaireacht nua as seirbhísí leasa agus cosanta leanaí, atá á bhfeidhmiú faoi láthair ag FSS. Áirítear i measc na seirbhísí sin seirbhísí cúraim mhalartaigh, lena n-áirítear seirbhísí a bhaineann le leanaí agus teaghlaigh atá mar fhreagracht ar FSS faoi láthair – cigireachtaí réamhscoile agus seirbhísí maidir le foréigean sa bhaile, foréigean gnéasach agus foréigean inscne-bhunaithe san áireamh.

Cuireadh in iúl don Bhord freisin go mbeidh an Gníomhaireacht nua freagrach as na feidhmeanna agus na seirbhísí atá faoi shainchúram BNLO, tráth a mbunófar an Gníomhaireacht.

Sa rannóg seo a leanas den tuarascáil cuirtear síos ar an dul chun cinn a rinne BNLO in 2013 i ndáil le forbairt agus cur i bhfeidhm an chuir chuige straitéisigh aontaithe i leith an fhreastail, na rannpháirtíochta agus na coinneála scoile. Sonraítear ann freisin an obair a bhíonn ar bun ag snáitheanna seirbhíse BNLO (SLO, CCS agus TBSP) agus gnéithe tábhachtacha eile a bhaineann lenár sainchúram reachtuil, lena n-áirítear oideachas in áiteanna eile seachas scoileanna aitheanta agus ár gcuid oibre i ndáil le forbairt straitéisí freastail scoile. Rinneadh roinnt oibre in 2013 mar ullmhúchán d'aistriú an Bhoird chuig an nGníomhaireacht nua um Leanaí agus Teaghlaigh.

Príomhghníomhaíocht Oibríochtúil in 2013

Aontú sheirbhísí BNLO agus forbairt shamhail chleachtais idirghabhála BNLO

Le roinnt blianta anuas ceann de na príomhdhúshláin oibríochtúla a raibh ar an eagraíocht dul i ngleic leis ná seirbhísí BNLO a aontú mórthimpeall cheisteanna an fhreastail, na rannpháirtíochta agus na coinneála scoile. In 2013, bhí dul chun cinn suntasach ann maidir le forbairt na Foirne Ardbhainistíochta le feidhmeanna coiteanna ceannaireachta agus bainistíochta, ach fós féin ag aithint go raibh dualgais leanúnacha bainistíochta orthu i ndáil leis na trí shnáithe seirbhíse. Céim eile atá beartaithe in aontú agus ailíniú na bhfeidhmeanna bainistíochta ná an fhreagracht cheannaireachta a roinnt don scéim Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail agus an Chláir Críochnaithe Scoile a fhaigheann a gcomhaidhmeanna straitéiseacha ó chlár Tacaíochta Scoile thionscnamh DEIS.

Is é forbairt shamhail chleachtais idirghabhála an Bhoird, Leanbh Amháin, Foireann Amháin, Plean Amháin an príomhbealach straitéiseach atá ann na snáitheanna den tséirbhís a aontú (tugtar Leanbh Amháin ar an tsamhail sin sa tuarascáil seo). Leis an tsamhail nua éascófar comhshnaidhmeadh sheirbhísí BNLO leis an scoil agus leis an mbaile i gcás go bhfuil tacaíocht de dhíth ar leanaí/teaghlaigh indibhidiúla maidir le freastal, rannpháirtíocht agus/nó coinneáil scoile. Aithnítear, ámh, go ndéanann na seirbhísí indibhidiúla cion ar leith agus iad ag obair go neamhspleách ar a chéile i gcás go bhfuiltear ag díriú ar an tacaíocht nó idirghabháil is gá. D'éascair Leanbh Amháin, inter alia, as an taighde maidir leis an 'gcleachtas is fearr' arna choimisiúnú ag BNLO agus a foilsíodh i mí na Samhna 2013:

- Addressing the Participation, Attendance and retention of Children in education: A Review of Best Practice (BNLO 2012)
- Mission In Possible: Report on the Mapping Practice Project (BNLO, Anne McMurray, Meitheamh 2012)
- Providing integrated support for pupil attendance, participation and retention in education: A report of the consultation for the NEWB (SMCI Associates, 2012).

Seo a leanas na príomhghnéithe den tsamhail sin:

- Leanúnachas tacaíochta agus idirghabhála i gcomhréir leis an riachtanas
- Iarratas le haghaidh seirbhíse nó socrú atreorúcháin
- Creat fadhbréitigh: Tuig-Pleanáil-Déan-Athbhreithnigh
- Dearcadh ilghnéitheach ar thuiscint a fháil ar riachtanais leanaí agus an teaghlaigh
- Creat torthaí

In 2013, forbraíodh an tsamhail go céimneach, ag díriú ar dtús ar an gcaoi a raibh na boinn tuisceana agus próisis sa tsamhail ag teacht leis na hidirghabhálacha a bhí ann cheana féin le leanaí agus teaghlaigh ó shnáitheanna seirbhíse BNLO. Ina dhiaidh sin, tástáladh príomhghnéithe na samhla go teoiriciúil 'leis an bhfoireann timpeall an linbh' i suíomhanna éagsúla scoile ag úsáid cásanna samplacha de leanaí le deacrachtaí freastail, rannpháirtíochta nó coinneála.

Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2013, baineadh triail as cur chuige Leanbh Amháin ar fud naoi shuíomh phíolótacha i suíomhanna éagsúla – DEIS agus neamh-DEIS agus iad éagsúil ó thaobh méide, castachta agus infhaighteachta seirbhíse de. Sular tugadh faoin obair seo cuireadh oiliúint ar fáil don snáithe seirbhíse agus don phearsanra scoile i gceist. An aidhm a bhí leis an tástáil píolótach seo ná a fháil amach an bhféadfaí feabhas a chur ar na torthaí do leanaí agus dá dteaghlaigh, tríd an tsamhail chleachtais seo, nó cibé acu an raibh an fhéidearthacht ann é sin a dhéanamh nó nach raibh, nó an féidir leis an tsamhail na gnéithe a mhaítear ann a sholáthar ag úsáid na bpróiseas agus na ndoiciméad agus an féidir le snáitheanna seirbhíse BNLO agus scoileanna obair le chéile ar bhonn níos éifeachtaí.

Tá meastóireacht ar thorthaí na tástála píolótaí beartaithe go luath in 2014.

An tSeirbhís Reachtúil Leasa Oideachais

Feidhmítear seirbhís reachtúil oideachais BNLO trí fhoirne réigiúnacha, le Bainisteoir Sinsearach ar gach foireann ag an leibhéal réigiúnach agus an bainisteoir sin i bhfeighil roinnt Oifigeach Sinsearach Leasa Oideachais (OSLO), agus na hoifigigh sin i bhfeighil foirne d'Oifigigh Leasa Oideachais (OLO). Bhí an tseirbhís reachtúil ag feidhmiú ó 31 shuíomh ar fud 4 réigiún in 2013. Amhail Nollaig 2013, sa tseirbhís bhí 74 bhall foirne ardbhainistíochta agus páirce agus 4 bhall foirne tacaíochta cléireachais ann.

Tá sainchúram náisiúnta ar an tseirbhís leasa oideachais. De réir bheartas an Rialtais, an sainchúram atá ar na hoifigigh leasa oideachais ná tús áite a thabhairt do leanaí nach bhfuil ag freastal ar scoil nó nach bhfuil áit scoile acu. Is trí mheán an chlár DEIS (Delivering Equality of Opportunity in Schools) de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna le haghaidh scoileanna i bpobail faoi mhíbhuntáiste sóisialta, a chuirtear an comhthéacs lárnach beartais ar fáil d'obair BNLO.

Tá sé de shainchúram ar na hoifigigh leasa oideachais teacht ar réitigh laistigh de chreat comhoibritheach idirghabhálacha a áiríonn leanaí agus a dteaghlaigh, scoileanna agus gníomhaireachtaí ábhartha eile. I measc phríomhdhualgais OLO tá siad seo:

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal scoile leanaí a bhfuil siad ag obair leo agus an raon ceart d'idirghabhálacha a úsáid chun cuidiú le leanaí nach bhfuil ag freastal ar scoil go rialta agus a bhfuil a dtuismitheoirí ag sárú a ndualgas dlíthiúil i ndáil lena bhfreastal ar scoil.
- Fanacht i dteagmháil le leanaí agus lena dteaghlaigh chun a chinntiú go bhfuil an leanaí ag freastal ar scoil.
- Obair le snáitheanna éagsúla BNLO agus le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile chun tacú le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil leanaí ar scoil.
- Scoileanna a spreagadh le straitéisí freastail scoile, cóid iompraíochta agus beartais eile a cheapadh agus comhairle a chur orthu maidir leosan, chun timpeallacht a chruthú a spreagfaidh leanaí bheith ag freastal ar scoil go rialta agus páirt iomlán a ghlacadh sa saol scoile.

Cásobair

I gcás go ndéanann scoil, tuismitheoir nó gníomhaireacht eile duine óg a atreorú chuig an mBord bíonn ar OLO, ar an gcéad dul síos, a mheas cén cineál faidhbe atá i gceist, cad é raon na faidhbe sin agus cé chomh holc is atá an scéal. Féadtar an obair sin a roinnt in dhá chatagóir.

Sa chéad chatagóir tá na hidirghabhálacha gearrthréimhseacha a dhéanann OLO, a bhfuil mar aidhm acu réiteach a fháil ar an bhfadhb freastail scoile sula n-éiríonn an scéal níos measa. I measc na hoibre sin tá cúnaimh a thabhairt áit scoile a fháil i gcásanna éagsúla, comhairle a chur agus tacaíocht a sholáthar maidir le hAlt 29 (Acht Oideachais 1998) maidir le diúltaithe rollúcháin, fionraithe nó díbirt as scoil. Chomh maith leis sin, cuidíonn Oifigigh Leasa Oideachais le tuismitheoirí iarratais a dhéanamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna don Teagasc sa Bhaile i gcúinsí áirithe agus cuireann comhairle orthu i gcásanna ina bhféadfadh fadhbanna freastail scoile a bheith ag an leanbh. Ar na gnéithe tábhachtacha eile d'obair an OLO tá comhairle a sholáthar do phearsanra scoile faoi leanaí ar leith a bhféadfadh fadhbanna freastail scoile a bheith acu, teagmháil a dhéanamh le pearsanra seirbhíse eile dála oibríthe sóisialta agus cruinnithe leasa oideachais a eagrú i gcomhar le gníomhaireachtaí eile maidir le leanaí aonair. I gcásanna áirithe, is éard a bheadh san idirghabháil ná litir rabhaidh a sheoladh más rud é go bhfuil tinreamh an linbh fós ina chúis imní.

In 2013, bhí Oifigigh Leasa Oideachais an Bhoird páirteach i mbeagnach 20,000 idirghabháil ghearrthréimhseach do leanaí agus teaghlaigh.

Sa dara catagóir áirítear fadhbanna a bhaineann le drochthinreamh scoile ar comharthaí sóirt an drochthinreamh sin ar fhadhbanna níos casta, níos doimhne, a mbeidh gá dian-idirghabhálacha a chur ar fáil chun iad a réiteach agus a thógfaidh tréimhse mhaith ama agus tacaíocht leanúnach ó OCO chun a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn maidir leo.

San áireamh san obair seo tá plean a fhorbairt leis an teaghlach, leis an duine óg agus leis an scoil chun dul i ngleic leis na constaicí éagsúla atá i mbealach an fhreastail scoile. Seans go mbeidh gá le tacaíocht do bhaill eile den teaghlach ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile chun dul i ngleic go sásúil leis an bhfadhb. In 2013 chuir Oifig Leasa Oideachais dian-idirghabhálacha ar fáil do 2,434 leanbh.

An Próiseas Dí

Tá imeachtaí cúirte lárnach in obair na Seirbhíse Leasa Oideachais. Tuigeann an tSeirbhís Leasa Oideachais chomh tromchúiseach is atá sé imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne tuismitheora nó caomhnóra toisc nach bhfuil siad ag cinntiú go bhfuil a leanbh ag fáil oideachais. Sula dtionscnaítear imeachtaí dlí, is gá d'Oifigeach Leasa Oideachais bheith tar éis gach idirghabháil leasa a bhreithniú agus caithfidh nach ndearna an tuismitheoir aon iarracht in aon chor teagmháil a dhéanamh le BNLO.

Mar chéad chéim i bhforfheidhmiú an dlí eisítear Fógra Freastail Scoile (FFS). Chomh luath agus atá FFS eisithe, tosaíonn OLO ar an bpróiseas foirmiúil monatóireachta ar chás an linbh, agus tugtar an deis don tuismitheoir nó don chaomhnóir dul i ngleic leis na bunchúiseanna leis an neamhfhreastal scoile, agus déantar seo i gcomhar le OCO agus leis an scoil. Ó am go chéile, is leor rannpháirt gníomhairí nó seirbhísí eile, a chuireann tacaíocht bhreise ar fáil do theaghlach, chun réiteach a fháil ar an scéal.

Is ar an gcúirt atá an fhreagracht smachtbhanna a ghearradh ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí mar gheall ar neamhfhreastal scoile a linbh, tar éis dul trí ghnáthimeachtaí cúirte. Foráiltear de réir dlí gur féidir fíneáil nó mí phríosúnachta a ghearradh, nó fíneáil agus príosúnacht, i gcás go gciontaítear duine.

Ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2013, eisíodh 536 FFS i ndáil le 318 leanbh. D'eisigh BNLO 175 thoghairm i ndáil le 101 leanbh.

Ag tabhairt aitheantais don tinreamh maith

Léiríonn an taighde go bhfuil sé níos dóichí i gcás leanaí a fhreastalaíonn ar an scoil go rialta go bhfanfaidh siad ar scoil agus go mbeidh siad níos socaire go mothúchánach, ó thaobh airgeadais de agus go sóisialta níos déanaí sa saol. Cuireann Alt 10 den Acht Oideachais (Leas), 2000 de cheangal ar an BNLO 'timpeallacht a chur chun cinn agus a chothú a spreagann an leanbh le freastal ar scoil agus páirt a ghlacadh sa saol scoile.' Dá bharr sin, cuireann an Bord chun cinn freastal rialta scoile ar bhealaí éagsúla, mar shampla cuirtear teastais ar fáil do leanaí mar aitheantas ar thinreamh maith.

Eagraíonn an tSeirbhís Leasa Oideachais, i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, ócáid bhliantúil bronnta gradam freastail scoile, atá á reáchtáil le breis is céad bliain anuas. In 2013, bronnadh gradam ar sheisear daltaí mar go raibh tinreamh foirfe gan bhriseadh bainte amach acu le ceithre bliana déag. Níor chaill na daltaí seo aon lá agus iad ar an mbunscoil ná ar an iar-bhunscoil. Bronnadh gradam ar 68 ndalta eile, idir 8 mbliana agus 14 bliana d'aois, mar go raibh tinreamh gan bhriseadh scoile do thréimhsí éagsúla bainte amach acusan freisin. Chomh maith leis sin, bronnadh teastais ar 1400 dalta eile ar fud Chathair Chorcaí mar go raibh tréimhsí tinrimh gan bhriseadh bainte amach acu, idir 1 bhliain agus 7 mbliana.

Éacht ar leith é an tinreamh gan bhriseadh agus ní bhaineann sé le dea-shláinte amháin. Ní féidir é a bhaint amach ach i dtimpeallacht scoile ina mbraitheann daoine óga go bhfuil siad slán, sábháilte agus go bhfuil sásamh á bhaint acu as an eispéireas, agus is gá go mbeadh bunús maith tacaíochta agus spreagtha ann sa bhaile freisin. Lean BNLO ag soláthar tacaíochta do scoileanna chun

aitheantas a thabhairt do na leibhéil éagsúla de ghnóthachtáil scoile ó thaobh tinrimh de agus chuir BNLO raon teastas ar fáil chuige sin.

Oideachas in áitheanna seachas Scoileanna Aitheanta

De réir Alt 14 (1) den Acht Oideachais (Leas), 2000 ceanglaítear ar BNLO clár a bhunú agus a choinneáil de gach leanbh atá ag fáil oideachais in áit seachas scoil aitheanta.

Na leanaí atá cláraithe chuige sin de ghnáth is sa bhaile a chuirtear oideachas orthu nó d'fhéadfaidís a bheith ag freastal ar raon suíomhanna eile chomh maith.

Oifigeach Sinsearach Leasa Oideachais (OSLO) sa tseirbhís reachtúil leasa oideachais a dhéanann bainistiú ar an bpróiseas clárúcháin, le cúnamh á fháil acu ó Oifigeach Leasa Oideachais. Déantar coimisiúnú ar phainéal saineolaithe chun measúnuithe oideachais a dhéanamh mar a cheanglaítear faoi Alt 14. D'ardaigh an líon leanaí a fhaigheann oideachas sa bhaile ó 17 in 2004 go dtí 897 ag deireadh 2013.

Ar an gcaoi chéanna, d'ardaigh an líon leanaí atá cláraithe don oideachas lasmuigh de shuíomh aitheanta chuig 8,234 ag deireadh 2013; san áireamh sa líon sin tá líon suntasach leanaí a baineadh ón gclár mar nár dearbhaíodh áiteanna a fuarthas i scoileanna aitheanta tar éis tréimhse d'oideachas baile nó tréimhse oideachais i suíomh neamhaitheanta eile.

An Scéim Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail (HSCL)

Fís agus Cuspóir TBSP

Bunaíodh an Scéim Theagmhála Baile, Scoile is an Phobail, (TBSP), i bhfómhar na bliana 1990 agus tá an scéim anois ina tionscnamh príomhshrutha de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna chun comhrac i gcoinne an mhíbhuntáiste oideachais. Fís na scéime ná cothú a dhéanamh ar chomhpháirtíocht idir thuismitheoirí, mhúinteoirí agus phobail chun feabhas a chur ar na deiseanna foghlama do dhaltáí agus chun tacú lena gcoinneáil agus a rannpháirtíocht sa chóras oideachais. Feidhmíonn an Scéim TBSP ar an leibhéal coiscteach agus uilíoch trí chuidiú le thuismitheoirí páirt ghníomhach a ghlacadh in oideachas a leanaí, agus ar an gcaoi sin tugtar aitheantas do thuismitheoirí mar phríomh-oideachasóirí a leanaí.

Struchtúr TBSP

Déanann foireann de chomhordaitheoirí Réigiúnacha, arna bhfostú ag BNLO, bainistiú agus comhordú ar an Scéim TBSP. Ina ról cuireann siad tacaíocht ar fáil do bhreis is 400 comhordaitheoir TBSP, a fhreastalaíonn ar 605 scoil agus forbraíonn an Scéim TBSP ar leibhéal na scoile, an teaghlaigh agus an phobail chun a chinntiú go ndéantar an soláthar seirbhíse a spriocdhírú de réir DEIS (Delivering Equality Of Opportunity In Schools). Cuidíonn an fhoireann le pleanáil DEIS agus le forbairt na gcleachtas aontaithe oibre idir thrí shnáithe seirbhíse BNLO. Baintear úsáid as cnuasamhail mar mheán tacaíochta sa Scéim TBSP, mar a dtagann comhordaitheoirí le chéile go rialta ag cruinnithe áitiúla chun an cleachtas is fearr a roinnt lena chéile. Anuas air sin, cuirtear oiliúint agus deiseanna san fhorbairt ghairmiúil ar fáil do chomhordaitheoirí, a dhíríonn ar obair aontaithe agus ar eiseamláirí praiticiúla den dea-chleachtas.

Tá Coistí Áitiúla Oideachais i bhfeidhm faoin Scéim TBSP freisin, ar a bhfuil thuismitheoirí, gníomhaireachtaí eile, grúpaí pobail, múinteoirí agus daltaí. Bíonn an Coiste Áitiúil Oideachais i mbun saincheisteanna a aithint agus dul i ngleic leis na saincheisteanna sin sa phobal, ar saincheisteanna iad a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim an linbh agus ar shaol an linbh sa phobal. Tá rannpháirt na dtuismitheoirí ina bunchloch den Choiste Áitiúil Oideachais. Cuirtear an deis ar fáil do thuismitheoirí páirt a ghlacadh sa saol scoile agus in oideachas a linbh – thuismitheoirí nach mbeadh páirteach d'éagmais na deise seo – trí thionscnaimh phobail a thacaíonn le litearthacht, uimhearthacht agus rannpháirtíocht dhearfach.

Gníomhaíocht Scéim TBSP

Ar na tionscnaimh atá i bhfeidhm faoi láthair ag comhordaitheoirí TBSP, i gcomhar leis na Coistí Áitiúla Oideachais, le haghaidh daltaí agus a dtuismitheoirí, tá siad seo a leanas:

- Tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta (e.g. Maths for fun, Maths Eyes, Science for fun, Reading for Fun, One Book One Community, Storysacks)
- Cruinnithe struchtúrtha faisnéise/cúrsaí a bhaineann le saol an linbh ar scoil e.g. aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, cibear-bhulaíocht agus saincheisteanna sláinte etc.
- Tacaí agus cúrsaí amhail scileanna tuismitheoireachta, teiripe urlabhra agus cúrsaí creidiúnaithe FETAC, e.g. Mata, Gaeilge, TF, Cúram Leanáí

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) TBSP

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh clár cuimsitheach don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ann chun a chinntiú go mbeadh gach comhordaitheoir TBSP lánoilte leis na tionscnaimh áitiúla a chur i bhfeidhm, ar tionscnaimh iad atá ag feidhmiú de réir an chleachtais is fearr agus de réir na hoibre aontaithe mar atá sonraithe i bhfís agus i gcuspóirí TBSP. Déanann comhordaitheoirí réigiúnacha clár cuimsitheach d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a phleanáil agus a sholáthar le haghaidh chomhordaitheoirí uile TBSP.

Torthaí ó Ghníomhaíochtaí TBSP 2013

Le linn 2013, dhaingnigh comhordaitheoirí TBSP an fócas acu ar obair chomhtháite d'fhonn feabhas a chur ar fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile, i measc daltaí, ag teacht le fíis straitéiseach BNLO. Chomh maith leis sin, agus ag teacht le haidhm TBSP na tuismitheoirí a chumhachtú mar phríomhoideachasóirí na leanaí, bhí fianaise ann de bhreis rannpháirtíochta ó na tuismitheoirí i struchtúir scoile amhail Comhairlí Tuismitheoirí, Boird Bhainistíochta; leibhéal níos fearr litearthachta i measc tuismitheoirí imeallaithe mar thoradh ar idirghabhálacha spriocdhíríte chomh maith le rannpháirtíocht tuismitheoirí i ghníomhaíochtaí sa seomra ranga agus i gcláir foghlama teaghlaigh.

Ó Mheán Fómhair go Nollaig 2013, rinneadh tástáil ar an tsamhail chleachtas idirghabhála Leanbh Amháin, Foireann Amháin, Plean Amháin i 9 suíomh DEIS agus neamh-DEIS ar bhonn píolótach, a chuimsigh 45 scoil san iomlán, 30 bunscoil agus 15 iarbhunscoil. I ngach ceann de na suíomhanna sin, bhí ról suntasach ag comhordaitheoirí TBSP in úsáid agus i dtástáil chuimsitheach a dhéanamh ar 9 gcinn de phríomhghnéithe na scéime; rinneadh seo i gcomhar le pearsanra ó snáitheanna eile sa Chlár Críochnaithe Scoile agus sa tseirbhís reachtúil leasa oideachais, chomh maith leis an bhfoireann cúraim agus struchtúir tacaíochta eile i scoileanna. Mar thoradh ar an tástáil píolótach seo, tháinig fianaise chun solais go gcuidíonn an leanúnachas idirghabhálacha, mar mhodh chun cuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun spriocdhíríú níos éifeachtaí a dhéanamh ar rannpháirtíocht scoile, feabhas a chur ar obair TBSP chun torthaí níos fearr a bhaint amach do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Chomh maith leis an obair a rinneadh sna 9 suíomh píolótacha, áit ar léiríodh an tábhacht a bhaineann le hidirghabhálacha a thairféadadh agus a dhoiciméadú, thosaigh comhordaitheoirí TBSP ar bhonn náisiúnta ag caighdeánú na húsáide a bhaineann siad as teimpléid chuí thuairiscithe, a léireoidh freisin líon na dteaghlach agus na leanaí atá ag fáil tacaíocht uilíoch/choisctheach nó ag fáil diantacaíochta. Chuige seo, chuir bainisteoirí sinsearach, i gcomhar le cleachtóirí TBSP treoir agus tacaíocht ar fáil do gach comhordaitheoir ag imeachtaí FGL a reáchtáladh ag áiteanna éagsúla ar fud na tíre.

An Clár Críochnaithe Scoile (CCS)

Fís agus Cuspóirí CCS

Is í aidhm CCS ná tionchar suntasach dearfach a bheith aige ar leibhéil choinneála daoine óga i mbunscolaíocht agus in iar-bhunscolaíocht agus ar líon na ndaltaí a n-éiríonn leo an tSraith Shinsearach, nó a coibhéis, a chur i gcrích go hiomlán. Tá CCS ina chuid de Straitéis DEIS– Delivering Equality of Opportunity in Schools – na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bhí 2013 ina bliain thar a bheith dúshlánach do CCS, ó thaobh soláthar seirbhíse túslíne a choinneáil i gcomhthéacs na laghduithe leanúnacha buiséid a éilíodh faoin Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas don tréimhse 2012-2014.

Struchtúr CCS

Freastalaíonn clár CCS go príomha ar phobail scoile atá páirteach i straitéis DEIS, ach freastalaíonn sé freisin ar roinnt scoileanna nach bhfuil páirteach in DEIS. Go n-uige seo, cuireadh CCS i bhfeidhm i 470 bunscoil agus 224 iar-bhunscoil. Tá 124 thionscadal áitiúla CCS ann a fhostaíonn 252 bhall foirne lánaimseartha agus 2,000 ball foirne páirtaimseartha. Tá Coiste Áitiúil Bainistíochta i bhfeighil na 124 thionscadal CCS go léir. Ar na Coistí sin tá Comhordaitheoir Áitiúil, Príomhoidí, múinteoirí TBSP, tuismitheoirí agus baill ó eagraíochtaí áitiúla reachtúla agus deonacha. Bíonn an Comhordaitheoir Áitiúil i gceannas an Plean Coinneála CCS a chuireann tacaí inscoile, tar éis scoile, laethanta saoire agus lasmuigh den scoil ar fáil do dhaltaí spriocroghnaithe.

Ó 2009 i leith bhí a fhreagracht bhainistíochta oibríochtúil ar BNLO as CCS, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna don treoir straitéiseach, faoi DEIS, agus ó 2011 i leith, leis an Roinn Leanáil agus Gnóthaí Óige maidir le leithdháileadh buiséid, maoirseacht airgeadais agus cúrsaí foriomlána beartais.

Ag an leibhéal náisiúnta, tá foireann ceannaireachta CCS ann a fhaigheann tacaíocht ó thriúr Bainisteoirí Sinsearacha agus ó Bhainisteoir Taighde agus Forbartha. Cuireann an fhoireann ceannaireachta tacaíocht ar fáil do thionscadail áitiúla ar fhorbairt agus monatóireacht ar phleananna áitiúla coinneála agus ar shocruithe rialachais airgeadais de réir threoir CCS, chun a chinntiú go mbeadh an cur chuige comhtháite ag feidhmiú de réir straitéis aontaithe BNLO don fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil, agus i dtiomsú, anailísiú agus scaipeadh an taighde a dhéanann CCS.

Tá an Plean Coinneála Scoile ag croílár an tsocraithe idir bunscoileanna agus iarbhunscoileanna ag obair i gcomhar leis na soláthraithe áitiúla seirbhíse sa scoilcheantar a bhfuil an sainchúram orthu tacú le daoine óga atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. Áirítear sa phlean idirghabhálacha iomchuí oideachais agus bearta chun tacú le daoine óga spriocroghnaithe agus spriocanna comhaontaithe a bhaint amach. Tá an fhreagracht ar an bhfoireann CCS laistigh de BNLO as faomhadh a dhéanamh ar gach Plean Coinneála mar bhonn don mhaoiniú cláir arna sholáthar ag an RLGÓ ón mbuiséad bliantúil atá ar fáil mar a vótálann an tOireachtas don chlár.

Gníomhaíocht Scéim CCS 2013

In 2013 lean tionscadail CCS ag soláthar idirghabhálacha agus tacaí do na daoine óga is mó i mbaol na luathfhágála scoile agus áirítear san obair sin:

- Spriocdhíriú ar leanáil atá i mbaol gan barr a gcumais a bhaint amach sa chóras oideachais mar thoradh ar thinreamh lag, easpa rannpháirtíochta agus an scoil a fhágáil go luath. Déantar an spriocdhíriú seo trí thionscnaimh amhail clubanna bricfeasta; clubanna oibre baile; tacaí tar éis scoile; cláir mheantóireachta; agus idirghabhálacha teiripeacha
- A chinntiú go bhfuil gnáthaimh iomchuí i bhfeidhm ag scoileanna chun a chinntiú go ndéantar monatóireacht ar shaincheisteanna freastail, rannpháirtíochta agus coinneála agus go dtéitear i ngleic leosan
- Obair ar bhealach aontaithe le snáitheanna seirbhíse eile BNLO – I ndáil leis sin, idir Meán Fómhair agus Nollaig 2013, ghlac deich gcinn de thionscadail CCS páirt i bpiólótu a

dheanamh ar an tsamhail chleachtais idirghabhála Leanbh Amháin, Foireann Amháin, Plean Amháin i 9 gcinn de shuíomhanna DEIS ar fud na tíre

- Cláir aistrithe a reáchtáil chun tacú le daoine óga atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iarbunscoil
- Obair i gcomhar le grúpaí reachtúla, pobail agus deonacha.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) CCS

Mar is amhlaidh don scéim TBSP, tá FGL bunriachtanach lena chinntiú go bhfeidhmíonn tionscadail CCS de réir an chleachtais is fearr CCS. In 2013, dhírigh FGL ar na réimsí seo a leanas:-

- Pleanáil tionscadail CCS i gcomhthéacs na srianta atá ar acmhainní
- Oiliúint maidir le cosaint leanaí de réir na dtreoirlínte leasaithe náisiúnta - Children First 2011 agus oiliúint Teagmhálaí Ainmnithe (DLP) le haghaidh comhordaitheoirí CCS de réir Bheartas Cosanta Leanaí CCS
- Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na samhla comhtháite cleachtais a chuimsíonn na trí shnáithe de BNLO agus oiliúint chomhtháite don fhoireann a ghlac páirt sa chleachtadh Leanbh Amháin, Foireann Amháin, Plean Amháin.

Athbhreithniú ar an gClár Críochnaithe Scoile

I mí na Samhna 2013 thug BNLO cuireadh chun tairisceana do shainchomhairleoirí leis na cáilíochtaí agus taithí chuí chun stiúradh agus éascú a dhéanamh ar athbhreithniú ar CCS de réir ghealltanais an Rialtais mar a bhí sonraithe i gcáipéis an Rialtais Comprehensive Review of Expenditure (CRE) for 2012-2014 a foilsíodh i mí na Nollag 2011. Leagadh amach sa cháipéis sin an coigilteas de 6.5% in aghaidh na bliana ba ghá a dhéanamh sa CCS i ngach ceann de na blianta ó 2012 go 2014 – coigeartú iomlán de €5.5 milliún.

Tá an taighde agus an mheastóireacht ina ngnéithe atá ina mbonn is taca le DEIS. Léirítear sna meastóireachtaí a rinneadh go dtí seo go raibh tionchar ag an raon tacaí arna soláthar faoi DEIS agus go raibh feabhas tagtha ar leibhéil choinneála agus ghnóthachtála ó tugadh isteach é. Luadh sa CRE go mbeadh gá tabhairt faoi chlár athbhreithniúcháin ar an ngné de CCS a bhaint le Seirbhís Tacaíochta Scoile d'fhonn comhleanúnachas agus éifeachtaí níos fearr a bhaint amach sa soláthar seirbhíse agus ról agus freagrachtaí a shoiléiriú. Anuas air sin, cuideoidh sé forbairt bhreise a dhéanamh ar an gcleachtas is fearr tí thógáil ar an fhoghlaim agus an taithí go dtí seo ar fud an chláir. Meastar go gcuideoidh an t-athbhreithniú ar an gclár na leasuithe is gá a shainathint chun an clár a chomhdhlúthú agus é a bheith ar bhonn inbhuanaithe don todhchaí agus a chinntiú gur féidir na cistí atá ar fáil a spriocdhíriú ar na seirbhísí is mó a bhfuil gá acu leo chun na torthaí oideachais is fearr a bhaint amach do leanaí atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath agus i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Dá réir sin, shann an RGLÓ an tasc ar BNLO coimisiúnú a dhéanamh ar an saineolas iomchuí seachtrach chun éascú agus treorú a dhéanamh ar athbhreithniú den CCS. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo comhlánú ar an obair thosaíochta leanúnach a dhéanann BNLO chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige aontaithe náisiúnta maidir le freastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile. Tá sé ag teacht freisin le mandáid RGLÓ treorú a dhéanamh ar fhorbairt beartas cuíchóirithe agus soláthar seirbhíse comhtháite ardchaighdeán ar fud na seirbhísí do leanaí.

Tá sé beartaithe leis an athbhreithniú díriú ar dhá ghné ar leithligh, ach gaolta, den Chlár. Tá na riachtanais don tionscadal athbhreithniúcháin sonraithe sna Téarmaí Tagartha seo a leanas:

Fócas 1: Athbhreithniú ar struchtúir riaracháin an chláir chun a chinntiú go bhfuil dearadh an chláir in oiriúint dá chuspóir.

- Mionscrúdú a dhéanamh ar láidreachtaí agus laigí na struchtúr reatha cláir agus a mheas cé chomh maith agus is féidir leo tacú le cur chuige aontaithe seirbhíse chun comhrac i gcoinne na luathfhágála scoile.
- Struchtúir chuí chláir a mholadh a thógann ar na láidreachtaí reatha (mar atá sonraithe i bPointe 1) agus cuíchóiriú a dhéanamh ar na socruithe riaracháin agus rialachais le haghaidh RGLÓ, BNLO (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) agus na tionscadail.
- Sainiú a dhéanamh ar ról, freagrachtaí agus caidrimh thuairiscithe sna struchtúir soláthair, bainistíochta agus riaracháin den chlár molta.
- Meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith is atá na hacmhainní atá ar fáil á spriocdhíriú go héifeachtach sa chlár. Mionscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú na socruithe reatha braislithe scoile chun na hacmhainní a spriocdhíriú do héifeachtach.

Fócas 2: Anailís ar idirghabhálacha agus ar thacaí.

- Anailís a dhéanamh ar na hidirghabhálacha agus na tacaí i dtionscadail arna maoiniú faoinn CCS chun a fháil amach cad iad na torthaí atá á mbaint amach, cad iad modh agus costas an tsoláthair agus conas atá sé ag cur le cuspóirí an chláir DEIS.
- Idirghabhálacha fianaise-bhunaithe CCS a mholadh, le haird ar thorthaí na hanailíse seo, a bhféadfaí seasamh leis mar chroíghníomhaíochtaí laistigh de chur chuige comhtháite seirbhísí chun freastal ar riachtanais áitiúla.
- Sonrú a dhéanamh ar bheartas feidhmíochta torthaí-dhírithé ag teacht le spriocanna fágála scoile laistigh de chlár DEIS agus leas a bhaint as cuspóirí ábhartha náisiúnta eile chun meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí do leanaí, teaghlaigh agus scoileanna.

Obair Eile an Bhoird

Straitéisí Freastail Scoile

In 2013, leanadh den obair chun Treoirlínte a fhorbairt le haghaidh scoileanna agus chun Straitéisí Freastail Scoile a ullmhú de réir mar atá sonraithe in Alt 22 den Acht Oideachais (Leas), 2000. Leis an treoir fhoirmiúil cuirfear soiléire ar fáil do scoileanna ó thaobh a bhfreagrachtaí faoin Acht maidir le tacú le freastal scoile agus creat den dea-chleachtas chun cuidiú le húdaráis scoile agus leis an bpobal scoile i gcoitinne.

Rinneadh dearbhú cáilíochta agus tagarmharcáil ar dhréacht-treoirlínte ag tagairt do roinnt táscairí, arna n-ullmhú ag na sainchomhairleoirí RSM McClure Watters, le tacaíocht ó Ghrúpa Saineolaithe a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas forbartha. I measc na dtáscairí sin tá: comhlíonadh na bhforálacha reachtúla, cloí le raon beartas agus cleachtas oideachais, taithí BNLO agus dea-chleachtas atá bunaithe ar fhianaise, cloí le Treoirlínte BNLO maidir le Cód Iompraíochta, agus an tSamhail Chleachtais Leanbh Amháin, Foireann Amháin, Plean Amháin.

Leanfar le bailchríoch a chur leis na Treoirlínte in 2014, agus tá a gcur i bhfeidhm beartaithe don scoilbhliain 2014-2015.

Athbhreithniú ar na Treoirlínte do Mheasúnú ar Oideachas in Áiteanna seachas Scoileanna Aitheanta

In 2013, leanadh leis an obair chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte do Mheasúnú ar Oideachais in Áiteanna Seachas Scoileanna Aitheanta. Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna na Treoirlínte bunaidh i gcrích in 2003, ag comhlíonadh an cheanglais faoi alt 16 den Acht Oideachais (Leas) 2000. Leanfaidh dréachtú agus comhairliúcháin maidir leis na Treoirlínte nua isteach in 2014 agus tá siad le cur i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. I measc na bpríomhcheisteanana san athbhreithniú tá an gá breathnú arís, ar mhaithe leis an bpróiseas measúnaithe, ar ár dtuiscint ar cad is oideachas íosta ann i bhfianaise na gcoinníollacha comhaimseartha, measúnú ar oideachas i suíomhanna struchtúrtha seachas sa bhaile agus na dúshláin a bhaineann le measúnú agus leis an bpróiseas clárúcháin i gcás leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ag Obair leis an Lucht Siúil agus leis an bPobal Romach

Glacann BNLO páirt i bhFóram Comhairleach agus Comhairliúcháin na Straitéise Oideachais don Lucht Siúil (FCCSOLS). Tá an fóram seo faoi chathaoirleacht an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus an sainchúram atá air ná monatóireacht a dhéanamh ar an Straitéis Oideachais don Lucht Siúil agus an straitéis sin a chur i bhfeidhm. Ó tarraingíodh siar raon tacaí scoildhírith le haghaidh oideachas an lucht siúil, tá an dearcadh ag BNLO go bhfuil a rannpháirtíocht san fhóram seo ríthábhachtach dá n-acmhainneacht freagairt do shaincheisteanna freastail, rannpháirtíochta agus coinneála scoile sna pobail Lucht Siúil agus Romacha. Trí mheán an fhórait seo, is éard atá mar aidhm ag BNLO ná obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le grúpaí deonacha agus pobail d'fhonn dul i ngleic le tinreamh scoile leanaí an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh. Oibríonn BNLO go dlúth le Pavee Point chun éascú a dhéanamh ar na dlúthchaidrimh oibre ar leibhéal náisiúnta le grúpaí ionadaíochta an Lucht Siúil agus an Phobail Romaigh. Chomh maith leis sin, bíonn BNLO páirteach ag an leibhéal áitiúil le scoileanna agus le seirbhísí eile chun tionscnaimh a fhorbairt a thacaíonn le freastal scoile laistigh dá bpobail.

Sonraí maidir le Tinreamh Bliantúil

Faoi Alt 21(6) den Acht Oideachais (Leas) 2000, tá sé de cheangal ar scoileanna tuairisc a sholáthar don Bhord laistigh de sé seachtaine ó dheireadh na scoilbhliana faoi na leibhéil tinrimh ag daltaí na scoile le linn na scoilbhliana. Déanann an tIonad Taighde Oideachais, Droim Conrach na sonraí sin a bhailíochtú agus anailísiú agus cuireann tuarascáil bhliantúil de na torthaí ar fáil don Bhord. Bailíodh

an fhaisnéis faoi thinreamh bliantúil gach bliain ó 2003/2004 i leith. Cuireann an fhaisnéis sin sonraí ardleibhéil náisiúnta agus contae ar fáil i ndáil le líon na laethanta scoile cailte ag daltaí, líon na ndaltaí as láthair níos mó ná 20 lá agus líon na ndaltaí a cuireadh ar fionraí nó a díbríodh ón scoil.

Léirigh na sonraí le haghaidh 2011/12 na nithe seo a leanas:

- D'ardaigh na rátaí freagartha ó scoileanna ar na tuairiscí bliantúla tinrimh chuig na leibhéil is airde riamh (99.1%) do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna araon in 2011/12. Is daonáireamh de facto é Tuarascáil Bhliantúil Tinrimh 2011/12.
- B'ionann an céatadán de laethanta foriomlána as láthair sa scoilbhliain agus 5.8% i mbunscoileanna agus 7.7% in iarbhunscoileanna. Tá na figiúirí ag an dá leibhéal le haghaidh 2011/12 níos ísle ná le haghaidh 2010/11 agus is iad na figiúirí is ísle iad don tréimhse cúig bliana 2007/08 – 2011/12.
- Ar an meán bíonn 55,000 dalta as láthair ón scoil gach lá, agus tá sé sin déanta suas de 30,000 dalta bunscoile agus 24,800 dalta iarbhunscoile. Is ionann sin agus cailteannas – cosúil le figiúirí 2010/11 – de 11 lá scoile do dhaltá bunscoile as na 183 lá sa scoilbhliain agus 13 lá do dhaltá iarbhunscoile as scoilbhliain de 167 lá.
- D'fhan na figiúirí le haghaidh daltaí a bhí as láthair Fiche Lá seasta ó thaobh daltaí bunscoile de (11.1% de dhaltá) ach bhí siad níos ísle do dhaltá iarbhunscoile (16.1% i gcomparáid le 16.5% in 2010/11). Bunaithe ar líon an daonra is ionann sin agus tuairim is 57,500 dalta iarbhunscoile, agus 52,000 dalta bunscoile.
- In earnáil na bunscolaíochta tá an neamhláithreachta níos airde i scoileanna speisialta agus i ngnáthscoileanna a bhfuil ranganna speisialta iontu.
- Tá na rátaí neamhláithreachta i mbunscoileanna níos airde i mbailte agus i gcathracha ná mar atá i limistéir thuaithe. Tá sé seo le sonrú ach go háirithe ó thaobh chéatadán na ndaltaí atá as láthair fiche lá nó níos mó agus tá na rátaí de neamhláithreachta 20 lá beagnach dhá oiread an méid is atá sna limistéir thuaithe. Tá an pátrún seo seasta ó bhliain go bliain.
- I mbunscoileanna bíonn rátaí neamhláithreachta níos airde go ginearálta i scoileanna ina bhfuil an Clár Tacaíochta Scoile DEIS ar siúl le haghaidh scoileanna ainmnithe, ag freastal ar phobail atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch (tuairim is 700). Cibé scéal é, tá difríocht mhór idir scoileanna uirbeacha agus scoileanna tuaithe ó thaobh neamhláithreachta de nuair a chuirtear scoileanna DEIS agus neamh-DEIS i gcomparáid lena chéile. Tá neamhláithreachta ghinearálta fiche lá níos airde i scoileanna uirbeacha lasmuigh de DEIS ná mar atá i scoileanna tuaithe ina bhfuil an clár DEIS á reáchtáil. Tá an pátrún seo seasta ó bhliain go bliain.
- In iarbhunscoileanna tá gach cineál neamhláithreachta níos airde i scoileanna ina bhfuil an clár DEIS á reáchtáil. Bhí tuairim is 27% de dhaltá sna scoileanna seo as láthair ar feadh fiche lá nó níos mó in 2011/12. Tá an figiúr seo thíos 1.5% ó 2010/11 agus thíos tuairim is 3% ó 2009/10. I scoileanna lasmuigh de DEIS b'ionann an figiúr le haghaidh neamhláithreachta 20 lá agus 14.2% le haghaidh 2011/12, agus é sin thíos 0.4% ón mbliain roimh ré.
- Níor tuairiscíodh ach 26 dhíbirt i mbunscoileanna in 2011/12 (25 in 2010/11). Sna figiúirí comhfhreagracha d'iarbhunscoileanna bhí méadú de 50 ann in 2011/12 (186 dhaltá, ag déanamh suas níos lú ná 0.06% de dhaltá).
- Níor cuireadh ach 5% de dhaltá iarbhunscoile ar fionraí in 2011/12. Cibé scéal é, bhí méadú beag ann ó 4.4% go dtí 4.7% nuair a chuirtear é i gcomparáid le 2010/11. Níor cuireadh ach 0.2 % de dhaltá bunscoile ar fionraí in 2011/12.
- B'ionann neamhláithreachta i mbunscoileanna agus 5.8% de laethanta daltaí in 2011/12 (má bhaintear na sonraí le haghaidh scoileanna speisialta as an áireamh) i gcomparáid le idir 4.4% agus 6.2% do Thuaisceart Éireann, Sasana agus an Bhreatain Bheag. B'ionann neamhláithreachta d'iarbhunscoileanna Éireannacha agus 7.7% de laethanta daltaí, i gcomparáid le idir 5.7% agus 7.8% i ndlínsí comharsanachta.

Eolas Eagraíochtúil

Aistriú BLO chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

Go déanach sa bhliain 2013, rinneadh dul chun cinn suntasach ar an réamhobair ullmhúcháin chun feidhmeanna BNLO faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 a aistriú chuig an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, nuair a bhunófar í. Ní raibh aon tionchar ar bhainistiú ná ar fheidhmiú na seirbhísí agus níltear ag meas go dtarlóidh amhlaidh le linn chéim an aistrithe. Leanfaidh na seirbhísí corparáideacha atá sonrach do BNLO i rith thréimhse an aistrithe, ach le roinnt réimsí feidhmiúla cheana féin ag plé le comhghleacaithe ó Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh FSS agus na Gníomhaireachta Tacaíochta Teaghlaigh agus iad i mbun gníomhaíochtaí bunaithe corparáideacha. Bhí príomhfheidhmeannach BNLO ina bhall den chomhghrúpa bainistíochta faoin PF-Ainmnithe ag maoirsiú bhunú na Gníomhaireachta.

Mar chuid de phróiseas an aistrithe rinneadh aistriú struchtúrtha agus cuimsitheach chuig bord na Gníomhaireachta nua trí pháipéar aistrithe agus trí phlé díreach ag an leibhéal idir-bhoird. Leag bord BNLO béim ar an deis shuntasach atá ann do sheirbhísí BNLO bheith ina gcuid den Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach leis an deis do chur chuige níos aontaithe ó thaobh leanaí leochaileacha agus don nasc níos cuíchóirithe idir seirbhísí oideachais agus sóisialta. Chomh maith leis sin, luaigh an bord na dúshlán shuntasacha atá ann don gníomhaireacht nua ina tacaíocht do sheirbhísí leasa oideachais. I measc na gcroídhúshlán bhí ceannaireacht na seirbhísí leasa oideachais sa Gníomhaireacht, ailíniú idir máthairstruchtúir agus struchtúir chorparáideacha amach anseo, an timpeallacht nua seirbhíse do shnáitheanna seirbhíse BNLO, caidrimh rialachais agus bhuiséadacha leis an máthair-Roinn, caidreamh leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tionchar foriomlán ar dhualgais leanúnacha reachtúla agus ar thionscadail bhainteacha oibríochtúla sa chomhthéacs go bhfuil laghdú tagtha ar acmhainní.

An Bord

Bunaíodh Bord BNLO faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 ghnáthbhall, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach. Ceapann an tAire Leanaí baill an Bhoird i gcomhar le Ranna agus forais atá forordaithe san Acht mar ranna agus forais a bhfuil leas agus saineolas ar leith acu i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Bhoird agus a dhéanann ionadaíocht thar ceann leanaí, daoine óga, teaghlach, scoileanna agus páirtithe oideachais. Tháinig an Bord le chéile 7 n-uaire in 2013.

Is é ról Bhord BNLO ceannaireacht straitéiseach, treo, tacaíocht agus treoir a chur ar fáil don eagraíocht agus díograis a chothú i leith a chroíluachanna, polasaithe agus cuspóirí. Mar fhoras rialaithe, tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha ann don rialú inmheánach, reachtúil agus don ghéilliúlacht oibríochtúil agus an bainistiú riosca.

Luaitear go sonrach, faoi sceideal na bhfeidhmeanna forchoimeáda, go bhfuil sé de dhualgas ar an mBord:

- Teacht le chéile go rialta chun a chinntiú go bhfuiltear ag cosaint na comhfhreagrachta
- Gach dualgas reachtúil a chomhlíonadh
- A dhearbhu gach bliain go bhfuil na rialuithe airgeadais imleor
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhór-mhíreanna caiteachais
- Gnáthaimh a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu d'fhostú iar-scoir na stiúrthóirí agus na bhfostaithe
- Gnáthaimh a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun bainistiú a dhéanamh ar choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn
- Tuarascáil bhliantúil agus cuntais a fhoilsiú
- Caidreamh cuí a choinneáil leis an iniúchóir seachtrach

- Coiste iniúcháireachta agus coistí eile a bheith ann, atá comhdhéanta go ceart, de réir mar is cuí
- Gnáthamh a bhunú don ‘tuairisciú faoi rún’ agus don chúram leantach a dhéantar de nithe a thagann chun cinn sa réimse seo
- Plean straitéiseach a ullmhú de réir na gceanglas arna leagan síos
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú agus ar éifeachtacht an bhoird

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Faoin gCód Rialachais do Chomhlachtaí Stáit, tá sé de cheangal ar BNLO Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bheith aige. Mar thoradh ar chúrsaí acmhainneachta in 2013, ghlac an Bord air féin ról an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Sa mhéid go bhfuiltear ar tí feidhmeanna an Bhoird a aistriú chuig an nGníomhaireacht nua um Leanaí agus Teaghlach, aontaíodh go leanfadh an Bord ag feidhmiú mar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca na heagraíochtaí in 2013.

An Clár um Iniúchadh Inmheánach

Rinne Bord BNLO coimisiúnú ar Athbhreithniú Inmheánach ar Rialuithe Airgeadais in 2013 agus rinne monatóireacht ar an dul chun cinn ó rinneadh na moltaí deireanacha. Níor eascair aon saincheisteanna suntasacha as an athbhreithniú sin.

An Clár um Iniúchadh Seachtrach

Cuireadh i gcrích iniúchadh seachtrach an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ar Thimpeallacht um Rialú Inmheánach Airgeadais BNLO le haghaidh 2013. Cibé scéal é, ní raibh an tuarascáil tugtha chun críche tráth ar scríobhadh an Tuarascáil seo. Tá cuntais neamhiniúchta ceangailte agus ceanglófar tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste mar Aguisín nuair a bheidh sé ar fáil.

Buiséad agus Soláthar Foirne

BNLO

Ba é €9,042,000, buiséad BNLO le haghaidh 2013, a chuimsigh €6,100,000 le haghaidh pá agus €2,942,000 le haghaidh nithe nár bhain le pá. Seo a leanas an uasteorainn soláthair foirne atá ann le haghaidh BNLO faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta (CRF):-

deireadh 2012	deireadh 2013	deireadh 2014
100	98	97

I mí na Nollag 2013, bhí 93 dhuine ag obair le BNLO sna réimsí seo a leanas:

An tseirbhís reachtúil leasa oideachais, lena n-áirítear ardbhainistíocht agus tacaíocht chléireachais/riaracháin	78
Bainistíocht shinsearach chorparáideach	2
Seirbhísí Corparáideacha	13

Anuas air sin, bhí 6 Bhainisteoir Shinsearach ar iasacht le BNLO ón Roinn Oideachais agus Scileanna mar chuid de chomhtháthú tionscnaimh tacaíochta scoile DEIS – an clár Críochnaithe Scoile agus an scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail – le seirbhís reachtúil leasa oideachais in aon chur chuige aontaithe amháin de fhreastal, rannpháirtíocht agus coinneáil scoile. I dteannta na mBainisteoirí Sinsearach den tseirbhís reachtúla déanann siad suas an Ardbhainistíocht do shnáitheanna seirbhíse BNLO.

An Clár Críochnaithe Scoile (CCS)

I mí na Nollag 2011, leagadh amach in Athbhreithniú Cuimsitheach Caiteachais an Rialtais (CRE) le haghaidh 2012-2014 an coigilteas de 6.5% in aghaidh na bliana is gá don CCS i ngach ceann de na blianta 2012-14 – coigeartú iomlán de €5.5milliún.

In 2013, bhí an leithdháileadh buiséid CCS ón RLGÓ ag leibhéal laghdaithe de €26.465m ag cuimsiú 124 thionscadal áitiúla ag cuimsiú 470 bunscoil agus 224 iarbhunscoil, ag fostú 252 bhall foirne lánaimseartha agus 2,000 ball foirne páirtaimseartha, chomh maith le líon beag clár eile (e.g. an Chomhpháirtíocht Gnó Scoileanna agus Clár Tacaíochta Tuistí ar Déagóirí iad) le cuspóirí atá ag teacht leosan sa CCS. Chun an coigilteas ba ghá a bhaint amach, cuireadh i bhfeidhm laghdú de 3% ar fud na dtionscadal uile ar an gcéad €0.215m de chistí an tionscadail agus laghdú de 6.5% ar na cistí go léir os cionn na táirís de €0.215m.

An Scéim Teagmhála Baile, Scoile is an Phobail (TBSP)

Déantar TBSP a mhaoiniú faoi vóta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus áirítear sa mhaoiniú sin tuairim is €25,000,000 de chostais tuarastail. Tá díreach os cionn 400 Comhordaitheoir TBSP ann. Níl feidhm ag moratóir an Rialtais ar sholáthar foirne TBSP sa mhéid gur seirbhís túslíne teagaisc atá ann.

Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Fuarthas 11 iarratas ar fhaisnéis in 2013 faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise, agus ceadaíodh 4 cinn ina n-iomláine, páirtcheadaíodh 6 cinn agus diúltaíodh ceann amháin.

Bhí iarratas amháin ann faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Sláinte & Sábháilteacht

Cloíonn BNLO go hiomlán leis na hAchtanna um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005 agus 2007 agus lean an Coiste um Shláinte agus Sábháilteacht ag feidhmiú le linn 2013.